

# LUX FILM PRIZE



SCANNÁIN NA hEORPA  
DO MHUINTIR NA hEORPA



An Eoraip  
Chruithaitheach  
MEDIA



Parlaimint na hEorpa



@luxprize



#luxprize

LUX  
PRIZE  
.EU

ISBN 978-92-846-5304-1

doi:10.2861/269169

© An tAontas Eorpach, 2019

Lámhscríbhinn arna tabhairt chun críche i mí Iúil 2019

Arna léiriú ag Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, Parlaimint na hEorpa

Má thugann tú aon earráidí nó easnaimh faoi deara, cuir ar an eolas sinn trí ríomhphost a sheoladh chuig

*[luxprize@ep.europa.eu](mailto:luxprize@ep.europa.eu)*

# ÁR gCUID SCÉALTA Á SHOILSIÚ TRÍ MHOTHÚCHÁN NA SCANNÁNAÍOCHTA

Tá an cineama ar cheann de na cineálacha cultúrtha is cumhachtaí atá againn. D'fhéadfadh sé daoine, áiteanna, imeachtaí agus tráthanna suaithinseacha inár saol a chur i gcuimhne dúinn. Téann sé i bhfeidhm orainn agus tugann sé inspioráid dúinn, feabhsaíonn sé, agus spreagann sé díospóireacht. Mar fhoinsé mhóthúcháin, tugann sé deis dúinn machnamh a dhéanamh orainn féin agus ar ár bhféiniúlacht.

Ní bhíonn formhór na scannán Eorpach le feiceáil ach amháin sa tír ina ndearnadh iad agus is annamh a dháiltear i dtíortha eile iad. Is suntasaí fós é sin, fiú amháin, nuair a chuirtear san áireamh gur scannáin Eorpacha iad níos mó ná 60 % de na scannáin a eisítear san Aontas Eorpach, ach nach bhféachann ach aon trian de lucht freastail na bpictiúrlann orthu.

Chruthaigh Parlaimint na hEorpa DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chun cur le dáileadh na scannán Eorpach ardchaighdeáin agus chun díospóireacht Eorpach a spreagadh.

Tá sé níos éasca scannáin LUX a dháileadh ar fud na hEorpa anois de bharr na tacaíochta a chuireann Parlaimint na hEorpa ar fáil chun trí scannán an Chomórtais Oifigiúil a fhotheidealú i 24 theanga an Aontais Eorpaigh, rud a chabhraíonn le cóip náisiúnta de na scannáin deiridh a dhéanamh do gach tír. Dá bharr sin, tá lucht féachana níos mó bainte amach agus borradh á chur faoi dheiseanna margaidh na scannán.

Tráth a bhfuil teorainneacha nua á gcruithú ar fud na hEorpa, ballaí á dtógáil ag tíortha éagsúla, deighiltí á ndéanamh sa tsochaí agus cúngú á dhéanamh ar dhearcthaí, is féidir breathnú ar an gcineama mar mheán cumarsáide cultúrtha, mar dheis chun tuiscint níos fearr a fháil ar a chéile, chun na teorainneacha sin a shárú, agus thar aon rud eile, chun taithí a roinnt. Cé go bhfuil amhras ann maidir le luachanna na hEorpa, cuireann cineama ár gcineáltas agus ár gcuid luachanna comhroinnte i gcuimhne dúinn.

Ba cheart go mbreathnófaí ar an gcultúr agus ar scannáin mar uirlisí chun tús a chur leis an idirphlé idir pobail. Is uirlisí iontacha iad chun aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí agus réamhchlaontaí, chun idirphlé idircultúrtha a chur chun cinn agus chun freagairt do dhúshláin oideachasúla ár sochaí.

Féachann DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX go leanúnach le teacht ar bhealaí nua chun teorainneacha a thrasnú agus baic a shárú. Trí chaidrimh atá spreagtha ag mothúcháin na scannán a chothú, tá sé d'aidhm ag an duais an mothú gur de bunadh coiteann muid a spreagadh, rud a nascann ár bhféiniúlacht agus ár n-éagsúlacht Eorpach.

Le 12 bhliain anuas, tá pobal cruthaithe ag DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX a bhfuil rud amháin i gcoiteann aige: ardán ar ar féidir le tuairimí agus dearcthaí difriúla a fhás agus a fhorbairt. Spreagann na scannáin a ndíríonn DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX aird orthu ár gcuid fiosracha agus cabhraíonn siad linn foghlaim faoi na difríochtaí agus na cosúlachtaí atá eadrainn. Maidir leis sin, táimid bródúil as LAETHANTA SCANNÁIN LUX agus as na léirithe agus na díospóireachtaí a eagraíodh ar cheisteanna móra a bhí i mbéal an phobail le blianta beaga anuas, ina bhfuil lucht féachana, stiúrthóirí scannán agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa páirteach iontu.

Ba cheart go mbeadh an cultúr ina chrann taca i gcónaí don mheas ar a chéile agus don chomhthuisceant in Eoraip atá oscailte, agus ba cheart go mbeadh an cineama ina *lingua franca* di.

## DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX

Déanann Parlaimint na hEorpa DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX, a bunaíodh in 2007, a bhronnadh gach bliain.

Tá **Parlaimint na hEorpa** tiomanta go gníomhach don éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn, mar atá luaite i gCairt um Chearta Bunúsacha AE<sup>1</sup>. Sa bhreis air sin, fágann a cuid cumhachtaí reachtacha gur gníomhaí ríthábhachtach í i mbeartais an Aontais Eorpaigh a mhúnlú, ar beartais iad a bhfuil tionchar acu ar an saol a chaitheann 500 milliún Eorpach ó lá go lá. Cuimsíonn a sainchúram saincheisteanna lárnacha, amhail inimirce, lánpháirtíú, bochtaineacht, sairse tuairimíochta agus cearta na mban.

Sa chomhthéacs sin, tá **dhá phríomhchuspóir** ag DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX: feabhas a chur ar scaipeadh na scannán Eorpach ar fud na hEorpa agus díospóireacht agus plé ar mhór-shaincheisteanna na sochaí a spreagadh ar fud na hEorpa.

Déanann DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX dáileadh a trí scannán sa bhabhta ceannais a chur chun cinn ach gach ceann acu a fhotheidealú i 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus pacáiste digiteach cineama a tháirgeadh le haghaidh gach tíre. Is uaithe sin a tháinig LAETHANTA SCANNÁIN LUX freisin, a chuireann buaneispéaras cultúrtha ar fáil.

Leanfaidh DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX Parlaimint na hEorpa de bheith ag tabhairt léargas ar scéalta agus ar scannáin a dhéanann níos mó ná siamsaíocht a sholáthar. Is scannáin iad sin a léiríonn ár dtóraíocht ar fhreagraí, ár gcuardach ar fhéiniúlacht agus an gá atá againn le sólas in aimsir an chruatain. Cuireann siad ár réaltacht féin agus réaltacht daoine eile ar ár súile dúinn.

<sup>1</sup> An brollach a ghabhann leis an gCairt: "[...] urraim á tabhairt aige d'éagsúlacht chultúir agus thraidisiúin phobail na hEorpa agus d'fhéiniúlacht náisiúnta na mBallstát chomh maith [...]"

## **TÉANN PARLAIMINT NA hEORPA I gCOMHAR LE TIONSCAL SCANNÁNAÍOCHTA NA hEORPA...**

### **... AGUS MEALLANN SÍ DAOINE ÓGA**

### **28 TIMES CINEMA**

Is comhpháirtí í DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX le hiliomad féilte scannán san Eoraip, lena n-áirítear Berlinale, Coicís na Stiúrthóirí (Cannes), Karlovy Vary, Giornate degli Autori, Sóifia, Stócólm, Thessaloniki, Viennale, Oícheanta Dubha Thailinn, Corcaigh, an Bhrataisláiv agus Sevilla.

Cabhraíonn an cineama linn saol ár gcomharsan a thuiscint. Is teanga choiteann í a théann i bhfeidhm ar ár gcuid mothúchán agus a spreagann sinn chun ár bhféiniúlachtaí a cheistiú. Mar sin, is uirlis chumhachtach oideachais é an cineama.

Mar thoradh air sin, cuireann DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX, i gcomhar le heagraíochtaí cultúrtha agus institiúidí scannánaíochta, pacáistí oideachais ar fáil i dtaobh na scannán atá san iomaíocht. Is minic a úsáidtear na pacáistí sin chun tacú leis na díospóireachtaí a bhíonn ann tar éis thaispeánta na scannán, agus is mór an chabhair do mhúinteoirí iad.

Ó 2010 i leith, tá an tionscadal 28 Times Cinema curtha chun cinn ag DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX, i gcomhar le Giornate degli Autori (Laethanta na Veinéis) agus le Europa Cinemas agus le tacaíocht ó Cineuropa. Tugann an tionscnamh seo 28 nduine óga as gach cearn den Eoraip arb aoibhinn leo scannáin le chéile chun freastal ar dhianchúrsa oiliúna 11 lá sa Veinéis. Freastalaíonn na 28 nduine seo ar breá leo scannáin, atá idir 18 mbliana agus 25 bliana d'aois, ar thaispeánta scannán agus glacann siad páirt i ndíospóireachtaí faoi chúrsaí cineama san Eoraip. Bíonn baint ag stiúrthóirí, údair, proifisiúnaigh scannáin agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa le 28 Times Cinema. I mbliana, den chúigiú huair, is iad an dream óg sin a bheidh ina moltóirí do dhuais Giornate degli Autori agus is iad a bhronnfaidh an Duais. Ar chlár oibre 28 Times Cinema, tá taispeánta na dtrí scannán atá sa chomórtas do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX.

## AN PRÓISEAS ROGHNAITHE

Chun bheith incháilithe do **DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX**, ní mór do scannáin:

1. A bheith ficseanúil nó ina gcláir faisnéise chruthaitheacha (glactar le scannáin bheochana);
2. A bheith ar a laghad 60 nóiméad ar fhad;
3. A bheith ina léiriúcháin nó ina gcomhléiriúcháin atá incháilithe do chlár MEDIA ó Eoraip na Cruthaitheachta (i.e. iad a bheith léirithe nó comhléirithe i mBallstát an Aontais Eorpaigh nó san Albáin, sa Bhoisia agus sa Heirseagaivéin, san Íoslainn, i Lichtinstéin, i Montainéagró nó san Iorua);
4. A léiriú a éagsúla atá traidisiúin na hEorpa, léargas a thabhairt ar phróiseas lánpháirtithe na hEorpa agus ar thógáil na hEorpa;
5. A gcéad taibhiú nó a gcéad eisiúint a bheith ann idir an 10 Bealtaine roimh bhliain na duaise agus an 15 Aibreán i mbliain na duaise;
6. Gan an chéad áit a bheith faighte acu ag na féilte seo a leanas: an Veinéis, San Sebastían, Beirlín, Cannes, Karlovy Vary nó Locarno.

AIBREÁN

AN BHRUISÉIL ➤



Tá an painéal roghnúcháin comhdhéanta de 20 saineolaí scannánaíochta agus buaileann siad le chéile chun breis agus 50 scannán a phlé.

IÚIL


KARLOVY VARY ►



Fógraítear an rogha oifigiúil, arb é atá ann ná **10 SCANNÁN** arna roghnú ag an bpainéal roghnúcháin.

MEÁN FÓMHAIR


AN VEINÉIS ►



Téann **3 SCANNÁN** as an roghnú oifigiúil san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX. Ar LAETHANTA SCANNÁIN LUX, taispeántar na scannáin sin in 28 mBallstát an Aontais Eorpaigh agus ina 24 theanga oifigiúla.

MÍ NA SAMHNA

STRASBOURG



Caitheann Feisirí Pharlaimint na hEorpa vóta chun **AON BHUAITEOIR DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX AMHÁIN** a roghnú agus fógraíonn an tUachtarán an buaiteoir. Cuirtear chun cinn tuilleadh an scannán buacach agus cuirtear in oiriúint é do dhaoine a bhfuil lagú amhairc nó éisteachta orthu.



## ROGHNÚ OIFIGIÚIL DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX 2019

**A POST**  
*I Douleia tis*  
le Nikos Labôt  
An Ghréig, an Fhrainc, an tSeirbia



**INVISIBLES**  
*Les Invisibles*  
le Louis-Julien Petit  
An Fhrainc



**SYSTEM CRASHER**  
*Systemsprenger*  
le Nora Fingscheidt  
An Ghearmáin



**CLÉIR**  
*Kler*  
le Wojciech Smarzowski  
An Pholainn



**TÍR NA MEALA**  
*Medena zemja*  
le Tamara Kotevska, Ljubomir Stefanov  
An Mhacadóin Thuaidh

**RAY & LIZ**  
le Richard Billingham  
An Ríocht Aontaithe




**THE MAN WHO SURPRISED EVERYONE**  
*Tchelovek, kotorij udivil vsekh*  
le Natasha Merkulova, Aleksey Chupov  
An Rúis, an Eastóin, an Fhrainc



## COMÓRTAS OIFIGIÚIL SCANNÁNAÍOCHTA LUX 2019

**COLD CASE HAMMARSKJÖLD**  
le Mads Brügger  
An Danmhairg, an Iorua, an tSualainn,  
an Bheilg



**GOD EXISTS, HER NAME IS PETRUNYA**  
*Gospod postoi, imeto i'e Petrunija*  
le Teona Strugar Mitevska  
An Mhacadóin Thuaidh, an Bheilg, an tSlóivéin,  
an Fhrainc, an Chróit

**THE REALM (¹)**  
*El Reino*  
ta' Rodrigo Sorogoyen  
Spanja, Franza



(¹) *The Candidate* in Ireland, Malta and the United Kingdom



## LAETHANTA SCANNÁIN LUX

In 2012, de dhroim DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX ó Pharlaimint na hEorpa, tháinig ann do LAETHANTA SCANNÁIN LUX. Gach bliain, ó mhí Dheireadh Fómhair go dtí mí Eanáir, trasnaíonn LAETHANTA SCANNÁIN LUX teorainneacha geografacha agus teanga chun spás trasnáisiúnta, Eorpach a chruthú ina bhféadfaidh daoine a bhfuil suim acu sa chineama ó 28 dtír an Aontais Eorpaigh trí scannán iontacha a fheiceáil le chéile in 24 theanga oifigiúla an Aontais. Taispeántar na léirithe, arna n-eagrú ag Oifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa (EPLonna), ag féilte scannán, pictiúrlanna sain-ealaíne nó pictiúrlanna eile. Go minic, réamhléirithe náisiúnta a bhíonn á dtaispeáint acu.

Tugann LAETHANTA SCANNÁIN LUX deis d'Eorpaigh éagsúlacht agus saibhreas chineama na hEorpa a bheith acu agus a roinnt agus dul i mbun díospóireachta faoi na saincheisteanna a éiríonn as na scannáin atá san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chomh maith — i ndíospóireachtaí beo agus ar na meáin shóisialta araon.

A bhfuil leis an gcomhar idir DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX agus Clár Eoraip na Cruthaitheachta, is féidir le lucht féachana ar fud na hEorpa páirt a ghlacadh in imeacht pictiúrlainne ar leith — léirithe comhuaineacha. Taispeántar scannáin go comhuaineach i roinnt pictiúrlann a nascann lucht féachana trí chlár cainte idirghníomhach le scannánóirí.

## COMÓRTAS OIFIGIÚIL SCANNÁNAÍOCHTA LUX 2019

I mbliana, is díol sásaimh do Pharlaimint na hEorpa é na **trí scannán atá san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX 2019** a chur i láthair:

### **COLD CASE HAMMARSKJÖLD**

le Mads Brügger

An Danmhairg, an Iorua, an tSualainn, an Bheilg

### **GOD EXISTS, HER NAME IS PETRUNYA (*Gospod postoi, imeto i'e Petrunija*)**

le Teona Strugar Mitevska

An Mhacadóin Thuaidh, an Bheilg, an tSlóivéin, an Fhrainc, an Chróit

### **THE REALM (*El Reino*)**

le Rodrigo Sorogoyen

An Spáinn, an Fhrainc

Leis na trí scannán, cuirtear scéalta in iúl ar bhealach a chorraíonn agus a ghríosáíonn an lucht féachana. Tá saothair Eorpacha ar an ngearrliosta a bhfuil an mianach iontu athbhriú a chur sa lucht féachana agus a súile a leathadh. Leis an éagsúlacht iontach iontu i dtaobh seanraí agus an luas agus an chaoi a ndéantar scannán a léiriú, is cinnte go dtabharfar ábhar machnaimh dóibh siúd a fhéachfaidh orthu. Tugaimid cuireadh duit féachaint ar na scannáin le linn an 8ú heagrán de LAETHANTA SCANNÁNAÍOCHTA LUX.

Tugtar cuireadh don lucht féachana a gcuid tuairimí a roinnt agus vóta a chaitheamh don scannán is fearr leo ar shuíomh gréasáin **DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX** nó ar Facebook. Dámhfar **Duais Aitheantais Phobail SCANNÁN LUX** don scannán buacach ag Féile Idirnáisiúnta Scannán Karlovy Vary 2020 (KVIFF), duais a thugann an t-eagrán reatha de DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chun críche. Chuirfeadh fógra na 10 scannán atá sa roghnú oifigiúil ag KVIFF tús le roghanna na bliana seo chugainn.

## FÉACH, PLÉIGH & VÓTÁIL



LUX  
FILM  
DAYS

3 SCANNÁN  
24 THEANGA  
28 dTÍR


# COLD CASE HAMMARSKJÖLD

le Mads Brügger

An Danmhairg, an Iorua, an tSualainn, an Bheilg

Sa scannán *Cold Case Hammarskjöld*, déantar iniúchadh ar bhás Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe Dag Hammarskjöld a tharla an 18 Meán Fómhair 1961, ar bás é nach bhfuil míniú ina leith: ba ghnó doiléir, diamhair é nuair a thuaríteáil eitleán Hammarskjöld agus é díreach ag fáil réidh chun bualadh le Moise Tsinhombe, ceannaire Katanga, cúige a d'éirigh amach agus a d'fhógair a neamhspleáchas ó Chongó. Bhí Hammarskjöld ag súil le coinbhleacht ina raibh leasanna ollmhóra i dtreis a réiteach trí áitiú ar Katanga — a bhí ag fáil tacaíochta an tráth sin ó Union Minière, cuideachta chumhachtach ón mBeilg a raibh leasanna móra eacnamaíocha san Afraic aici — chun dul ar ais sa Chongó neamhspleách.

Breis agus leathchéad bliain ina dhiaidh sin, shocraigh an t-iriseoir agus stiúrthóir Mads Brügger ón Danmhairg breathnú ar an scéal le cúnaimh ó Göran Björkdahl, imscrúdaitheoir príobháideach ón tSualainn. Cumhdaíonn scannán seo Mads Brügger gach céim den imscrúdú — ó na daoine a raibh baint acu leis an scéal an tráth sin a aithint go dtí na hiarrachtaí finnétithe a aimsiú agus iad a chur faoi agallamh, cuardach a dhéanamh ar an áit inar thuaríteáil an t-eitleán chun iarsmaí den eitleán atá i bhfolach faoi thalamh a aimsiú, agus miondealú agus crostagaírt a dhéanamh ar an bhfaisnéis ó dhoiciméid éagsúla — rud a thug ar an mbeirt fhear sa deireadh dul sa tóir ar eagraíocht fhorchúiníoch gheal rúnda agus paraimíleata atá lonnaithe san Afraic Theas, a bhféadfadh baint a bheith aici le feallmharú Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe. Leantar na himscrúdaitheoirí fad agus a nochtann siad coireanna eile nach bhféadfaí a shamhlú beagnach.



## AN COMHTHÉACS

Mar aon le sracfhéachaint a thabhairt ar na heachtraí a bhain le bás Dag Hammarskjöld, bás a bhfuil amhras faoi, tugtar léargas i bhfad níos leithne dúinn i scannán Mads Brügger ar an gcuid sin de dhíchoilíní na hAfraice ina iomláine, agus iar-Chongó na Beilge go háirithe, a bhí faoi cheilt. Próiseas ab ea é an díchoilíní a tháinig salach ar leasanna Dhomhan an Iarthair. Thóg sé 3 bliana ar na Náisiúin Aontaithe, le brú agus idirghabháil mhíleata, áitiú ar Katanga, cúige saibhir, dul isteach arís sa Chongó, tír nua neamhspleách.

Dá bhíri sin, tá iliomad macasamhlacha den scéal sin le fáil sa lá atá inniu ann, tráth a bhfuil a lán cuideachtaí ó thíortha i nDomhan an Iarthair ag déanamh dúshaothrú gan trócaire ar acmhainní nádúrtha na hAfraice agus ar a lucht saothair atá saor, lucht saothair atá comhdhéanta de dhaoine ar gá dóibh a bheith ag obair do na cuideachtaí sin chun go mbeidh siad in ann maireachtáil. Trí leas a bhaint as comhpháirteachas réimse atá údarásaíoch agus/nó éillithe, a lán acu a fhaigheann tacaíocht ó thíortha in Iarthar an Domhain, ní bhíonn náire ar bith ar na cuideachtaí ilnáisiúnta sin a gcuid leasanna príobháideacha a chur roimh leasanna comhchoiteanna daoine áitiúla agus an timpeallacht ina bhfuil na daoine sin ina gcónaí, agus ní thugann siad aon aird ar an droch-chaoi ina mbíonn airgeadas poiblí na dtíortha lena mbaineann go hiondúil.

Feidhmíonn scannán Mads Brügger mar thúsphointe díospóireachta fíorthábhachtaí i dtaca leis an ngéarghá atá le húdaráis polaitíochta a léiriú arís in aghaidh na leasanna cumhachtacha príobháideacha, an domhandú mar chineál coilínithe eacnamaíoch agus airgeadais, agus an bhearna shaibhris idir an Tuisceart agus an Deisceart atá ag méadú gan staonadh.

## CUR CHUIGE MADS BRÜGGER

Tá scannán Mads Brügger go hiomlán úrnu: chun na nithe a d'aimsigh sé a chur i láthair, déanann sé é féin a scannánú i réimse dálaí éagsúla mar bhealach chun struchtúr a chur ar an líon ollmhór faisnéise atá bailithe aige agus ar na céimeanna éagsúla san imscrúdú atá ar bun aige. Mar bhreathnóirí, braithimid ar nós go bhfuilimid i láthair díreach ag an nóiméad ina gcruthaítear an scannán, ar nós go bhfuil ról againn féin in insint an scéil, uaireanta mar fhinnéithe agus uaireanta mar dhaoine a bhfuil muinín ag Mads Brügger astu lenar féidir leis an amhras atá air, a chuid deacrachtaí, a chuid smaointe, a chuid tuairimí, an drochamhras atá air, na tráthanna ina mbíonn sé greannmhar agus a dhearcadh a roinnt.

Tá Mads Brügger mar a bheadh lionsa trína bhféachaimid ar a shaothar — ní hamháin na nithe a nochtar ann nach féidir a shéanadh, ach freisin na rúndiamhra sa scannán, agus uaireanta na heasnamh ann agus an t-amhras a bhíonn ar Mads. Cé go bhfuil an baol ann go gcuirfidh an bealach sin chun na céimeanna éagsúla den imscrúdú a chur i láthair mearbhall ar chuid den lucht féachana, is é go díreach an cur chuige thar a bheith daonna, somheallta — agus ina



© Tore Völlan



© Tore Völlan



© Tore Vollen

mbíonn sé ag magadh faoi féin go minic — a dhéanann *Cold Case Hammarskjöld* níos cumhachtaí agus níos fírinne fós. Trína scannán a chur i láthair mar “an dúrún dúnmharaithe is mó ar domhan nó an teoiric chomhcheilge is áiféisi ar domhan”, admhaíonn Brügger go follasach go bhfuil a fhios aige cad iad na teorainneacha atá lena imscrúdú.

## RÓLIMIRT AGUS A BHEITH I bPÁIRT CARACHTAIR TÚ FÉIN

I ndiaidh sraitheog chreidiúna dhubh agus bhán ina dtaispeántar íomhána den tuairt eitleáin ina bhfuair Dag Hammarskjöld bás, osclaítear an scannán le dhá radharc ghearra ina mínítear iontu an bealach ina n-inseofar an scéal. Is eol dúinn ón tús go mbeidh an scannán suite in 2018, in Cape Town, an Afraic Theas, agus in Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, le rúnaí éagsúil ann i gcomhair gach ceann den dá shuíomh: Clarinah agus Saphir. An chéad rud a ritheann linn faoi na radhairc sin ná an bealach a gcuireann Mads Brügger é féin i láthair don bheirt bhan sin ón gCongó: lena gcabhair, inseoidh sé scéal ina raibh an “drochdhuine” gléasta in éadaí bána, díreach mar atá sé féin, agus in Kinshasa shocraigh sé a script scannáin a scríobh in Óstán Memling. Siltear gur san óstán sin a d’fhan an drochdhuine ceannann céanna in 1965. Dá bharr sin, cuireann sé é féin go soiléir in áit an fhir ar a gcuirfidh sé an chuid is mó den mhilleán as Ard-Rúnaí na Náisiúin Aontaithe a fheallmharú, ar fear é — mar a gheobhaimid amach níos déanaí — a raibh ról ceannasach aige i dtionscadal ollmhór chun an daonra gorm a dhíothú. I radharc atá chomh conspóideach céanna, tugann Brügger agus Göran Björkdahl cuairt ar an áit inar tharla an tuairt agus clogaid choilíneacha á gcaitheamh ag an mbeirt acu. Ar an dul céanna, feictear é ag imirt ról “drochdhuine” eile nuair a dhéantar é a scannánú, roinnt uaireanta, agus é ag imirt solitaire (ina sheomra san óstán, nó ag an mbeár) le paca cártaí nach bhfuil ach an t-aon spéireata<sup>1</sup> ann — is é sin an cárta ceannann céanna a aimsíodh ar chorp Dag Hammarskjöld. Ba “chárta gnó” míchlúiteach de chuid CIA é an cárta sin freisin.

Ar an gcaoi sin, baintear feidhm as feistis agus oiriúintí chun carachtar iomlán ar leith a chruthú agus, dá bharr sin, cruthaítear bearna iorónta idir an scannánóir agus an lucht féachana is gaire dó (a chúntóirí agus finnétithe ar an láthair) agus an lucht féachana níos leithne aige (na breathnóirí). Leis sin, tugtar braistint ghrinn, phearsanta do *Cold Case Hammarskjöld* agus léirítear nach bhfuil aon éileamh ar chruinneas stairiúil á dhéanamh sa scannán.

(<sup>1</sup>) Cibé ciall a bhainimid as an tábhacht a bhaineann leis na cártaí sna radhairc áirithe sin, cruthaíodh le linn an chogaidh i Vítneam, ar iarratas Arm SAM, pacáí 52 chárta nach raibh iontu ach an t-aon spéireata: tugadh do shaighdiúirí iad, agus bhain siad feidhm astu mar ghléas chun buaireamh intinne a chur ar naimhde a chreid i bpiseoga. Chreid na daoine sin gur comhartha báis a bhí ann. Dá bharr sin, scaipeadh na mílte cárta de “Bicycle Secret Weapon” ar fud na duaire agus sráidbhaite naimhdeacha.

## SCÉAL A INSÍTEAR LE NÓTAÍ *POST-IT*®

Deighltear an scannán ina chaibidlí a fhógraítear le nótaí *Post-It* atá scríofa de láimh ag Clarinah nó ag Saphir agus iad greamaithe den bhalla san áit oibre atá á roinnt acu. Leis an gcur chuige sin, samhlaítear gur cumadh an scannán beo ar an láthair gan réamhullmhú, amháil is dá mbeadh sé á chur i dtoll a chéile go tapa nó ar nós cuma liom. Tugann úsáid nótaí *Post-It*® le fios gur teachtaireacht fhánach atá ann a bhreac tú síos duit féin nó do do dhlúthchara, atá le léamh aon uair amháin agus le caitheamh amach dá éis sin. Tá codarsnacht ghéar ann, mar sin, idir tromchúis an ábhair agus an bealach, de réir cosúlachta, a gcaitear leis an ábhar — bealach atá éadrom agus trína chéile uaireanta (ag malartú siar is aniar idir amanna éagsúla agus ó áit go háit). Is cúiteamh é an modh insinte, ina mbíonn plé idir an scannánóir agus a rúnaithe, ar an easpa comhleanúnachais trí gach céim nua san imscrúdú a fhógairt. Trína gcuid ceisteanna saonta, a gcuid machnaimh stuama nó tríd an gcaoi ar léirigh siad go raibh ionadh orthu nó nár chreid siad rud éigin, feidhmíonn Clarinah agus Saphir mar bhealaí dár gcuid smaointe agus ceisteanna féin mar lucht féachana, agus cuireann siad iallach ar Mads Brügger coinneáil air de bheith ag míniú, ag soiléiriú, agus ag tabhairt achoimre. Leis an gcur chuige sin, tugtar struchtúr éagsúil, beoga, spontáineach don scéal, nach bhfuil comh “dáiríre” sin go deimhin.

I bhfianaise na stíle insinte “san am i láthair” sin, is nóiméad cinniúnach sa scannán é nuair a chuireann na húdaráis deireadh le tochailt Brügger ag an áit ar tharla an tuairt. Roinneann Brügger a chuid smaointe os ard fad agus a thaispeántar iomhá dó ina aonar ina sheomra codlata, sa bheár nó ag dul ar meisce agus ag imirt solitaire. Agus é in ísle brí go bhfuil na 6 bliana atá caithe aige ag obair ar an tionscadal dulta amú, roinneann sé linn go díreach an díomá atá air agus na smaointe ar fad a bhí aige an uair sin chun a scannán a tharrtháil. Ag breathnú siar, tá an dealramh ar an uain sin go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach, mar ar bhuille na huaire sin, cinneann sé filleadh ar an Afraic Theas in éineacht le Góran chun leanúint dá imscrúdú i dtaca le SAIMR. Cuirtear cor iomlán éagsúil sa scannán nuair a thugann an méid a nochtann siad an scannán ar aghaidh i bhfad ó raon feidhme tosaigh an imscrúdaithe. Tugann roinnt finnétithe mionchuntas ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta rúnda forchiníche gile ón Afraic Theas agus tugtar mír dá gcuid féin do na gníomhaíochtaí sin sa scannán faisnéise cé nach bhfuil aon nasc díreach acu leis an imscrúdú ar dtús báire.





## ÍOMHÁNNA AGUS LEIBHÉIL NA FÍRINNE

Saintréith eile de chuid an scannáin faisnéise is ea na híomhánna a roghnaítear chun na sraitheoga éagsúla a léiriú. Cé go bhfuil Mads Brügger le feiceáil ar an scáileán ar feadh fhormhór an scannáin — ag plé na nithe ar tháinig sé orthu leis an mbeirt rúnaithe atá aige, ag tabhairt cuairt ar an áit ar thuairteáil an t-eitleán, nó san Afraic Theas i dteannta Göran Björkdahl — bíonn íomhánna ó chartlanna nó seanmhíreanna nuachta a scannánaíodh le feiceáil i sraitheoga eile agus, dáiríre, is iad sin a chuireann an scéal in iúl. Le feiceáil ann freisin tá sleachta ó chainteanna a thug Dag Hammarskjöld ag cosaint neamhspleáchas eacnamaíoch thíortha na hAfraice, íomhánna de chaismirtí idir saighdiúirí de chuid Móise Tshombe agus na Clogaid Ghorma (saighdiúirí de chuid na Náisiún Aontaithe), íomhánna de choiste na saineolaithe a tháinig le chéile san Ísiltír in 2013 chun tátail a imscrúdú i dtaobh bhás Hammarskjöld a fhógairt, agus íomhánna de Desmond Tutu, ardeaspag ón Afraic Theas, a bhí mar chathaoirleach ar an gCoimisiún um Fhírinne agus um Athmhuintearas, ag míniú go hachomair ag preasócáid in 1998 na gníomhaíochtaí coiriúla a rinne SAIMR, agus, go háirithe, an bhaint a bhí ag an eagraíocht sin i dtaobh sabaitéireacht a dhéanamh ar eitleán Hammarskjöld... Ní hamháin sin, ach bréagnaíonn seanghrianghraif agus seanthaifeadtaí, a tugadh i láthair mar fhianaise ar dhaoine a bhí ligthe i ndearamad agus eachtraí a bhfuil aighneas ann fúthu, insint oifigiúil na n-eachtraí.

Agus ar deireadh, baintear feidhm as sraitheoga beo dubha agus bána chun eachtraí teoiriciúla nach bhfuil aon chomhaontú ann faoina gcineál, na daoine a bhí páirteach iontu nó fiú ar tharla siad ar chor ar bith a insint. Léiríonn an cinneadh dul i muinín d'aon turas meán nach bhfuil réalaíoch an gá atá ann caitheamh go fórchúramach le hábhar bunaidh nach bhfuil fóraithe.

## MAR CHRÍOCH

Mar atá feicthe againn, thug Mads Brügger tús áite, ar bhealaí, dá roghanna scannánaíochta thar an gcur chuige beacht fíorasach a mbeadh súil leis i gcás iriseoirí. Leis na roghanna sin, áfach, is féidir fíricí oibiachtúla cruthaithe a chur le scéal atá i bhfad níos suibhachtúla atá comhdhéanta de chúinsí teoiriciúla agus cuntais ó fhinnéithe, agus cé gur minic a thacaíonn siad lena chéile níl siad cruthaithe go stairiúil. Ní mór dúinn, dá bhrí sin, fiafraí dinn féin cé mhéad muiníne ar cheart dúinn a chur sna nithe a fheicimid sa scannán.

Mar sin féin, níor cheart go bhfágfadh na ceisteanna dlísteanacha atá againn dall muid faoin méid a nocht an t-imscrúdú: an dóchúlacht mhór atá ann gur feallmharaíodh Dag Hammarskjöld agus go raibh baint dhíreach ag SAIMR leis an bhfeallmharú, agus gur cheart imscrúdú críochnúil a dhéanamh ar an maíomh gur mar thoradh ar thaighde rúnda a rinne an eagraíocht rúnda sin i gcomhar le CIA agus le seirbhísí rúnda na Breataine a tháinig ann don víreas VEID agus gur baineadh feidhm as mar arm bítheolaíoch san Afraic chun an daonra gorm a dhíothú agus chun leasanna an Iarthair a chosaint ar fud na mór-roinne. Is é go baileach an ní ollmhór uafásach seo a nochtadh nach raibh súil leis, atá curtha i láthair go ciallmhar ag an scannánóir Danmhargach ní mar fhíric ach mar hipitéis nua arbh fhíú í a imscrúdú, a thugann neart agus luach don scannán.

#### ROINNT ÁBHAR MACHNAIMH

- Ag amanna éagsúla in *Cold Case Hammarskjöld*, feictear Mads Brügger ag imirt *solitaire*, ach is aon spéireata gach cárta sa phaca cártaí aige — is tagairt shoiléir é sin do “chárta gnó” an CIA a fágadh ar chorp Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe tar éis thuairt an eitleáin. Cén chiall a bhaineann tú as an mionsonra seafóideach sin i gcomhthéacs an scannáin?
- Tar éis go gcuirtear iallach air deireadh a chur lena thochailt ag an áit in Ndola ar tharla an tuairt, labhraíonn an stiúrthóir go hoscailte agus roinneann sé linn a phlean teip a imscrúduithe iriseoireachta a chur faoi cheilt. Deir sé linn, trí dhul amach ansin le beirt rúnaithe de bhunaidh Afracach, go raibh súil aige go mbeadh sé in ann a scannán a tharrtháil. Cad a bhí ar intinn aige leis an ráiteas sin, dar leat? Cén fáth a gcabhródh sé leis iad a bheith ann?
- Ag críoch an agallaimh, a tharlaíonn go comhuaineach — rud atá suntasach — le críoch an scannáin, deir Alexander Jones gur mór-roinn iomlán éagsúil a bheadh san Afraic dá má rud é gur mhair Hammarskjöld agus gur lean sé dá chuid oibre. Cad atá i gceist aige leis an méid sin, dar leat?

les grignoux







© Tore Vollan



© Tore Vollan



© Tore Vollan

**STIÚRTHÓIR:** Mads Brügger  
**SCRIPT SCANNÁIN:** Mads Brügger  
**FOIREANN AISTEOIRÍ:** Mads Brügger, Göran Björkdahl  
**CINEAMATAGRAFAÍOCHT:** Tore Vollan  
**LÉIRITHEOIRÍ:** Peter Engel, Bjarte Mørner Tveit, Andreas Rocksén  
**LÉIRIÚ:** Wingman Media, Piraya Film agus Laika Film & Television  
**AN BHLIAIN:** 2019  
**FAD REATHA:** 119'  
**SEÁNRA:** Faisnéis  
**TÍORTHA:** An Danmhairg, an Iorua, an tSualainn, an Bheilg  
**BUNLEAGAN:** Béarla, Fraincis, Bemba, Sualainnis, Danmhairgis

# LUX FILM DAYS

3 SCANNÁN  
24 THEANGA  
28 dTÍR

# GOD EXISTS, HER NAME IS PETRUNYA

## *Gospod postoi, imeto i'e Petrunija*

le Teona Strugar Mitevska

An Mhacadóin Thuaidh, an Bheilg, an tSlóivéin, an Fhrainc, an Chróit

Tá Petrunya, 32 bhliain d'aois, difhostaithe agus ina cónaí i dteach a tuismitheoirí in Stip sa Mhacadóin Thuaidh. Ar a bealach abhaile di ó agallamh le haghaidh poist nach raibh aon rath air, tagann sí ar fhéile reiligiúnach de thaisme. Mar chuid den fhéile, téann fir óga ó gach cearn den tír in iomaíocht lena chéile chun bheith ar an gcéad duine chun cros a chaith sagart in abhann a fháil ar ais; is í an duais ná ádh agus rachmas ar an mbuaiteoir go ceann bliana. Ar ala na huaire, tumann Petrunya isteach san uisce agus beireann sí ar an gcros roimh aon duine eile. Cuireann an bua doshéanta seo as den ord sóisialta, mar níl an comórtas oscailte do mhná: conas is féidir leis an eaglais agus leis an tsochaí réiteach a fháil ar an gcoimhlint seo?



## “NÍ SÍSCÉAL É AN SAOL”

Fiú go dtosaíonn an scannán le radharc atá beagán mearbhloch (tá Petrunya ina seasamh i linn snámha folamh, le ceol miotalach ag seinm sa chúlra), léiríonn tús an scannáin scéal sóisialta na mná óige: ag 32 bhliain d’aois, tá sí ina cónaí i dteach a tuismitheoirí agus tá sí difhostaithe. D’éirigh lena máthair, trí chabhair ó chara dá cuid, agallamh le haghaidh poist a fháil di i monarcha fuála. Ní féidir léi fuáil, mar sin féin, féachann Petrunya lena céim sa stair a chur chun sochair. Fiafraíonn sí an bhfuil post mar rúnaí le fáil, ach deir an bainisteoir léi nach mbeadh aon chall aige léi; raga mná is ea í, níl aon mhaiteas inti fiú chun craiceann a bhualadh léi, a deir sé.

Ní hí Petrunya an t-aon duine a bhfuil saol éiginnte aici. Tá post ag a cara, Blagica, mar chúntóir díolacháin i siopa (sách gruama) lena leannán — fear atá pósta le bean eile. Mar sin, ní féidir léi a bheith ag súil le post fadtréimhseach a choinneáil. Tá an dealramh air go bhfuil deiseanna post an-teoranta do na mná óga sin. Is cuma leis na fostóirí sa chúige faoina gcuid cáilíochtaí. Is cuma leo an oiread sin go dtugann sé ar mháthair Petrunya a chur in iúl go soiléir, nuair a chuireann an t-iriseoir atá ag clúdach an scéil í faoi agallamh níos déanaí sa scannán, gur post atá ag teastáil óna hiníon thar aon rud eile. Deir duine amháin a chuirtear faoi agallamh maidir leis an scéal freisin, gurbh fhearr don iriseoir aird níos mó a thabhairt ar pholaiteoirí nach bhfuil ag déanamh aon rud chun cúnamh a thabhairt do dhaoine “a mbíonn an taos leis an iarta i gcónaí acu”. Fiú amháin an fear ceamara, féachann seisean le tuilleadh airgid a shaothrú trí gheallta a chur ar na cluichí sacair.

Anuas ar an gcomhthéacs sóisialta neamhfhabhrach sin, is ann freisin d’fhorlámhas na bhfear a chuireann srian ar na mná. Feictear é sa mhonarcha fuála ina bhfuil an bainisteoir, ar fear é, ag faire ar na hoibríthe atá ag obair timpeall air óna oifig a bhfuil fuinneoga air i lár an urláir. Bíonn sé ag breathnú de shíor ar a ghuthán cliste agus tá an dealramh air nach bhfuil faic le déanamh aige. Ach tagann sé i dtír ar a phost chun bheith ag cliúsaíocht lena bhanfhostaithe, rud a dhéanann sé le seobhaineachas agus ciapadh. Rud eile de, tá an chuma ar an scéal go nglacann máthair Petrunya le huiríslú na mban nuair a éilíonn sí ar a hiníon cloí leis na rudaí a bhfuil súil ag fir leo chomh fada agus is féidir léi trí éadaí galánta a chur uirthi agus bréag a insint faoina haois, i measc nithe eile.

Léirítear sa chéad chuid den scannán, mar sin, cé chomh deacair is atá sé ar bhean óg a bhfuil oideachas uirthi áit a aimsiú di féin sa tsochaí sa chúige sin den Mhacadóin Thuaidh. Deimhniúnn Petrunya féin an bhraistint sin nuair a deir sí nach “síscéal é an saol”.





## CRUACHEIST GAN RÉITEACH

Tagann Petrunya ar an mórshiúl de thaisme. Léirítear go tapa an dá ghné a bhaineann leis an mórshiúl: is mórshiúl é a bhaineann le creideamh agus is mórshiúl é a bhaineann leis an ngnáthshaol freisin. Tá sagairt, crosta, iomainn, agus paidreacha ann le hais fir óga i gcultacha snámha atá ar gor le léim amach san uisce. Agus ansin, téann caitheamh na croise beagáinín amú; buaileann an chros i gcoinne bacainne agus caitear i leataobh í. Is ar an gcaoi sin théann sí gar don áit a bhfuil Petrunya, agus léimeann sise amach san uisce agus aimsíonn sí an chros. Tosaíonn an scannal láithreach. D'éirigh léi an chros a ghabháil — níl aon agó faoi sin mar taifeadadh í ar scannán — ach fós féin ní raibh sé de cheart aici páirt a ghlacadh ann. Tógann na fir an chros uaithi ach cuireann an sagart a ladar sa scéal agus tugann sé cros an áidh ar ais di. Baineann Petrunya leas as an ruaille buaille ar fad a leanann an méid sin agus bailíonn sí léi abhaile.


Tá an chuid eile den scannán suite sa stáisiún póilíní, áit ar tugadh an bhean óg chuige. Tá an chruacheist gan réiteach a chuireann ceangal ar Petrunya le feiceáil níos soiléire sa suíomh sin ná in aon áit eile, suíomh mar a bhfuil an stát agus an reiligiún, léirithe leis an sagart agus leis na póilíní, fite fuaite ina dhá chineál údarás a éilíonn uirthi géilleadh dá n-achainí. Ach léiríonn na ceisteanna géarchúiseacha a chuireann Petrunya cé chomh seafóideach is atá an scéal: cén dlí atá sáraithe aici, dlí na bhfear nó dlí Dé? Más é dlí na tíre é, cén fáth a bhfuil an sagart ag iarraidh í a shuaimhniú? Agus más é dlí Dé é, cén fáth ar tugadh chuig an stáisiún póilíní í? Tá ceann feadhna na bpóilíní agus an sagart an-mhór le chéile (ólann siad le chéile agus tugann siad a gcéadainmneacha ar a chéile agus iad ag caint le chéile) agus léiríonn an comhpháirteachas eatarthu an chlaonpháirtíocht níos leithne idir an dá chumhacht sin go soiléir. Go deimhin, tá an cuspóir coiteann (a n-údarás a dhaingniú tríd an tsíocháin agus ord a chur ar bun arís) agus an modh coiteann céanna acu: iallach a chur ar an mbean óg atá ag seasamh an fhóid ina n-aghaidh géilleadh dóibh agus an chros a thabhairt ar ais, mar, ina dtuairim siúd, nach léi an chros. Maidir leis an iriseoir, cuireann sí smaointe móra i láthair (a bhfuil ciall leo sa chomhthéacs) chun cur síos agus anailís a dhéanamh ar an scéal, smaointe amhail patrarcacht, an leithcheal ar bhonn gnéis agus forlámhas na bhfear, smaointe ar fad atá ceilte faoi bhrat an traidisiúin. Is í an iriseoir chomh maith a leagann béim ar ársaíocht an scéil sin, agus cuireann sí é i gcomparáid leis an am a caitheadh nuair nach mbíftí ag géilleadh don eagnaíocht.

Nuair atá Petrunya á ceistiú ag ceannaire na bpóilíní, agus plámás á dhéanamh aige léi chun í a mhealladh, is barrúil go bhfiafraíonn sé di arb amhlaidh gur faoi Alastar Mór a rinne sí a tráchtas don chéim. Ach in ionad staidéar a dhéanamh ar sheanstair na tíre, shocraigh Petrunya gurbh fhearr léi staidéar a dhéanamh ar Réabhlóid na Síne ag féachaint ar an gcaoi ar ceanglaíodh an cumannachas leis na struchtúir dhaonlathacha. Léiríonn an bhean óg an dáimh atá aici le luachanna ar nós an chomhionannais, na cuallachta agus an cheartais, ar bhealach atá i bhfad níos nua-aimseartha ná na póilíní nó na sagairt atá ag iarraidh an bhunaíocht a chosaint. Faoi mar a bhí a chruacheist féin le réiteach ag Alastar Mór, an mbeidh Petrunya in ann éalú as an gcruacheist idé-eolaíoch seo ina bhfuil sí sáinnithe agus an ceann is fearr a fháil ar an tsochail ina maireann sí?

## CEITHRE HUAIR AN CHLOIG IS FICHE I SAOL MNÁ

Tarlaíonn an scéal in imeacht aon lá amháin. Ón uair a éiríonn Petrunya ar maidin go dtí deireadh na hoíche nuair a ligtear amach as an stáisiún póilíní í, cuireann sí aistear fada di i dtreo na fuascailte. Aistear atá beagán cosúil le céimeanna na beatha: ag tús an scannáin feicimid Petrunya mar a bheadh leanbh pusach ann a dhiúltaíonn éirí ar maidin, agus chun í a spreagadh tugann a máthair pósa tósta ar an leaba di. Ina dhiaidh sin, tá sí mar a bheadh déagóir ceandána ann a dhiúltaíonn géilleadh do dhaoine fásta agus nach n-aontaíonn lena gcuid rialacha. Agus ar deireadh, is bean óg neamhspleách í — í ligthe saor ag na póilíní, ach freisin í saortha ó na réamhthuisctintí a bhí aici féin ar an saol agus a d'fhág ina cime ag an tsochaí í. Ag an bpointe seo, glacann sí lena máthair mar atá sí: duine nach bhfuil in ann na rudai atá ag tarlú dá hiníon a thuiscint. Go deimhin, tá an t-athrú chomh mór sin go dtugann sí an chros ar ais don sagart ag rá gur mó gá atá aigesean agus do na daoine eile leis an gcros ná mar atá aicise.

Tháinig ann don fuascailt seo céim ar chéim. Ar dtús, ba le fearg a chuir sí i gcoinne na héagóra, ach ansin rinne sí amhlaidh go socair tomhaiste agus le héirim. Cinnte, bhí méid áirithe tacaíochta ar fáil di i gcónaí: an rath a bhí ar an bhfiseán dá gaisce a cuireadh suas ar YouTube agus an meas a bhí ag Darko, an póilín cineálta, ar a mhisní a bhí sí. Is é an uair a thosaíonn sí ag teacht aniar i ndáiríre ná nuair a bhíonn uirthi iliomad ionsaithe agus iarrachtaí chun í a imeaglú a chur di. Mar shampla, déanann na póilíní iarracht í a threascairt trí í a choinneáil sa stáisiún ar feadh uaireanta fada, agus is minic a éiríonn siad foréigneach agus iad á ceistiú. Lena chois sin, tugtar Petrunya ar láimh do bhaiclé d'fhir óga. Tá na fir agus a gceannaire ar buile léi. Lonsaíonn siad í. (Ligtear saor í díreach ag an nóiméad nuair a thagann an ghramaisc chuig an stáisiún chun “ceartas” a éileamh — beart ab ea é sin a bhfuil an dealramh air gur iarracht ghránna a bhí ann chun áitiú uirthi géilleadh). Coinníonn sí a cloigeann in airde in aghaidh na ndúshlán sin, seasann sí an fód, agus faigheann sí amach faoi dheireadh gur mó de “mhac tíre” atá inti ná “caora”. Agus is é deireadh an scéil é go ligtear saor í, neamhchloíte, agus smacht iomlán aici ar a cinniúint.





## AGUS CUIR I gCÁS GUR BHEAN Í DIA?

Is é taobh Petrunya den scéal a theastaíonn ón iriseoir a insint; i ag déanamh tráchtairacht ar an scéal ó thaobh na patrarcachta de agus ó thaobh cheannas na bhfear de. Mar sin, tugann sí deis labhartha do chara Petrunya, a chosnaíonn Petrunya agus a chuireann an cheist “Agus cuir i gcás gur bhean í Dia?” Caitheann an smaoineamh sin, a úsáidtear i dteideal an scannáin, amhras ar fhorlámhas na bhfear sa tsochaí — cé nach bhfuil mórán daoine cráifeacha sa scannán féin. Nuair a fhiafraíonn ceann feadhna na bpóilíní de Petrunya an duine cráifeach í, diúltaíonn sí freagra a thabhairt agus í ag rá nach bhfuil baint ag an gceist le hábhar mar tá sí den tuairim gur ní príobháideach, dála gnéasachta, é an reiligiún. Níl tuismitheoirí Petrunya cráifeach ach an oiread (ach amháin nuair a thagann sé chuig na laethanta saoire eaglasta a thógáil!); ní léiríonn na fir óga a ghlacann páirt sa traidisiún meas ar bith ar an searmanas; maíonn ceannaire na bpóilíní nach duine cráifeach é féin; agus deir na daoine (nach n-ainmnítear) a chuireann an t-iriseoir faoi agallamh nach bhfuil aon bhaint acusan leis an reiligiún ná leis an scannal sin atá tosaithe ag Petrunya.

Ach is é ceannas na bhfear a fhanann i gcroílár na sochaí, go háirithe an chaoi a dtéann claontuairimí i gcionn ar chaidrimh idir daoine. Mhá scrúdaítear na príomhcharachtair sa scéal seo de réir a n-ínsne, feictear go bhfuil an t-údarás agus an chumhacht ag na fir. Feicimid é sin trí údarás na sagart, trí údarás agus cumhacht na bpóilíní agus tríd an léiriú ar neart agus foréigean na bhfear óg. Cosúlacht eile atá idir na trí ghrúpa seo ná go bhfuil siad aontaithe ina mian go gcuirfí brú ar bhean atá ag cur ina n-aghaidh géilleadh dóibh. Mar sin féin, is féidir le Petrunya brath ar thacaíocht ó Darko (a bhfuil aiféala air faoi bheith ag obair le comhghleacaithe atá chomh hamaideach sin) agus óna hathair; is beirt iad sin nach mbaineann le grúpa ar leith agus nach bhfuil aon chumhacht acu astu féin. Fad agus atá Petrunya ag seasamh in aghaidh na bhfear agus ag féachaint lena gcuid ceart féin a dheimhniú, ní fhaigheann an t-iriseoir tacaíocht ar bith óna saoi (ní fhágann siad an fear ceamara aici fiú) ná ó athair a hiníne, a dhéanann “dearmad” a n-iníon a bhailiú ag tráth a bhfuil an mháthair ag obair i bhfad ó bhail. Maidir le Blagica agus máthair Petrunya, b’fhéidir nach bhfuil tuiscint acu fiú ar an éagóir atá i gceist le forlámhas na bhfear, agus feicimid iadsan mar bheirt nach bhfuil in ann seasamh ina n-aghaidh in aon chor agus gur dream iad a cheapann gur fear go mór comhoibriú leis na fir. Sa chomhthéacs sin,

d'fhéadfaimis an léiriú seo a thugtar ar na mná i sraith d'íomhánna statacha, mar a bheadh i bportráidí, a léirmhíniú mar seo a leanas: Cén fáth nach féidir leis na daoine seo (Petrunya, a máthair, Blagica, an t-iriseoir, an bhean gan ainm atá ag caitheamh toitin) comhionannas a bhaint amach leis na fir?

Mar sin, trína theideal “conspóideach”, maíonn an scannán gur leithscéal é an reiligiún (go háirithe na trí mhór-reiligiún aondiacha) chun forlámhas na bhfeara a chur chun cinn.

#### ROINNT ÁBHAR MACHNAIMH

- Conas a dhéanann tú radharc oscailte an scannáin a léirmhíniú, ina léirítear Petrunya ag seasamh ina haonar go socair i linn snámha fholamh le ceol miotal trom ag seinm sa chúlra?
- An gceapann tú go léimfeadh Petrunya amach san uisce dá mbeadh an post sa mhonarcha fuála faighte aici? An bhfuil tionchar ag an gcomhthéacs sóisialta ina bhfuil sí ar a gníomh ar cosúil ar an gcéad amharc gur gníomh nach raibh beartaithe atá ann?
- Tá an diabhal le feiceáil i roinnt de na pictiúir reiligiúnacha a thaispeántar ag tús an scannáin. Nuair a théann na fir óga fheargacha chuig an stáisiún póilíní, fógraíonn a gceannaire “Lúicifir í an bhean seo” agus é ag trácht ar Petrunya. San am a chuaigh thart, cheaptaí go mbíodh cailleacha feasa in ann margadh a dhéanamh leis an diabhal. An léirítear Petrunya mar chailleach feasa nua-aimseartha go pointe áirithe?







© Virginie Saint Martin



© Virginie Saint Martin

© Virginie Saint Martin

**STIÚRTHÓIR:** Teona Strugar Mitevska  
**SCRIPT SCANNÁIN:** Elma Tataragic, Teona Strugar Mitevska  
**FOIREANN AISTEOIRÍ:** Zorica Nusheva, Labina Mitevska, Simeon Moni Damevski, Suad Begovski, Stefan Vujisic, Violeta Shapkovska, Xhevdet Jashari  
**CINEAMATAGRAFAÍOCHT:** Virginie Saint Martin  
**LÉIRITHEOIRÍ:** Labina Mitevska (Deirfúiracha agus Deartháireacha Mitevski)  
**COMHLÉIRIÚ:** Sebastien Delloye (Entre Chien et Loup), Danijel Hočevcar (Vertigo), Zdenka Gold (Spiritus Movens), Marie Dubas (Deuxième Ligne Films), Elie Meirovitz (scannáin EZ)  
**AN BHLIAIN:** 2019  
**FAD REATHA:** 100'  
**SEÁNRA:** Ficsean/Dráma  
**TÍORTHA:** An Mhacadóin Thuaidh, an Bheilg, an tSlóivéin, an Fhrainc, an Chróit  
**BUNLEAGAN:** Macadóinach

# LUX FILM DAYS

3 SCANNÁN  
24 THEANGA  
28 dTÍR

# THE REALM<sup>(1)</sup>

## *El Reino*

le Rodrigo Sorogoyen

An Spáinn, an Fhrainc

Is polaiteoir áitiúil é Manuel López Vidal a bhfuil ag éirí go han-mhaith leis. Bíonn sé piochta néata i gcónaí agus lán d'fhúinneamh agus tá an chuma ar an scéal go bhfuil sé chun a bheith ina bhoc mór le rá sa réigiún, ach nuair a fhoilsítear scéal faoi scannal éillitheachta ina bhfuil sé luaite, tagann deireadh tobann lena dhul chun cinn. Agus na scéalta i dtaobh an scannail ag teacht go tiubh ar shála a chéile, cinneann páirtí Manuel (nach n-ainmnítear riamh ná nach mínítear cá seasann sé i dtaobh beartais pholaitiúla) na “drochdhaoine” a dhíbirt as an bpáirtí. Tá Manuel buartha: bhí sé ag súil le tacaíocht intuigthe ar a laghad óna chuid comhghleacaithe sa pháirtí, ach is éard a tharlaíonn ná go bhfuil sé leis féin agus déanann sé iarracht é féin a chosaint trína bhagairt go nochtfaidh sé an scéal ar fad a bhaineann leis na margaí suaracha a bhí ar siúl ag an bpáirtí.

Is scéinséir polaitiúil é *The Realm*, *exposé* den chaimiléireacht a loiteann an saol polaitiúil, agus baineann sé an craiceann den scéal chun a léiriú conas mar a thosaíonn an lobhadh, beagnach mar ghnáthrud, idir fir agus mná atá dearfa de go bhfuil cineálacha éagsúla iompair go breá agus gur cuid den saol iad. Tá Antonio de la Torino thar barr i ról an fhir bhaothdhána atá díongbháilte de nach bhfuil sé chun íoc as a leitheadas féin.

<sup>(1)</sup> The Candidate in Ireland, Malta and the United Kingdom



## SCIL AN STIÚRTHÓRA

Níl sé deacair an tinféadh don *Candidate* a shainnithint. Ba iad na scannail a d'imir tionchar ar an bpolaitíocht le blianta beaga anuas faoi deara é. Ní hé cuspóir an scannáin an scéalta suarach a áirithe sin a athinsint, áfach, is éard atá ann ná saothar ficin a bhfuil teachtaireacht níos leithne aige. Is suntasach an rud é nach leantar i snáithe an scéil ach aon charachtar aonair amháin, Manuel, ar léir nach boc mór é sa scannal seo. Is fear é a bhfuil ag éirí leis sa saol, ach mar sin féin, níl ann ach lúb bheag amháin i slabhra i gcóras ollmhór nach bhfuil aon smacht aige air. Agus is é gur thréig a pháirtí é a spreagann é chun díoltas a bhaint amach. Is drochmhian é sin a fhásann de réir a chéile. Tá sé diombháilte de nach eisean amháin a bheidh thíos leis.

Ar bhealach slitheánta beagnach, tosaíonn an breathnóir ag mothú comhbhá leis an gcarachtar, agus téann an comhbhá sin i méid. Cinnte, tá Manuel saibhir, sotalach agus cam, ach feicimid conas mar a thiontaíonn sé, diaidh ar ndiaidh, amhail is dá mba fhrancach sáinnithe é. Agus, ar ndóigh, i dtaobh na caimiléireachta de, ní hé an ciontóir is measa é. Cuirimid eolas ar scannal eile — cás “Persika” — cás atá i bhfad níos mó ná an scannal ina bhfuil Manuel gafa agus a bhaineann le daoine áirithe thar a bheith tábhachtach. Go deimhin, seo a leanas an bealach a bhfuil sé roghnaithe ag Manuel é féin a chosaint i dtaobh na polaitíochta de agus ó thaobh na moráltachta de (nó b'fhéidir, na mímhóráltachta de): má tá gach duine cam, cén fáth ar chóir domsa a bheith ar an t-aon duine a ngearrfar pionós aif?

Agus, ar bhealach, tarraingíonn an stiúrthóir sinne anuas freisin, fad agus atá Manuel ag titim. Táimid ar gor leis go ndéanfaí an scannal iomlán a nochtadh, agus déantar ár gcomhbhá leis an gcarachtar a chothú trí réimse teicnící cineamatografacha. Go háirithe, ós rud nach bhfanann Manuel socair riamh, tugann an luas rithimeach físiúil sinn ar aghaidh leis. Leanaimid é agus é de shíor ag gluaiseacht, cibé acu de shiúl na gcos (agus ag rith go hiondúil) nó i ngluaisteáin — nuair a bhaintear a ghluaisteán le tiománaí de, taistealaíonn sé i dtacsaithe — ag taisteal ó cheann ceann na Spáinne, agus, i sraitheog áirithe nach ndéanfar dearmad uirthi, trí Andóra. Le buillí techno Olivier Arson, cuirtear teannas breise leis an scannán ag uaireanta cinniúnacha, amhail is dá mba rud é go rabhamar ag cúlústeacht le buille chroí Manuel atá ag éirí níos tapúla an t-am ar fad.

Áirítear in *The Realm* freisin roinnt carachtair sheanchaite, ó sheánra na scéinséirí, chomh maith le tagairtí follasach do radhairc cháiliúla i saothair eile. Mar shampla, aithneoidh daoine arb aoibhinn leo scannáin an tsraitheog ina siúlann Manuel, díreach ón trá go dtí bialann, tríd an gcistin, beireann sé greim ar phláta ar a bhfuil bia mara agus tógann sé leis é chun bailiú lena chairde ag an mbord acusan, mar chomhartha aitheantais do radharc cistine cosúil leis sin in *Goodfellas* de chuid Martin Scorsese. Mar sin féin, trí fheidhm a bhaint as na teicnící scéinséara sin, tá sé de nós ag Sorogoyen na rudaí a bhfuil an breathnóir ag súil leo a chur as riocht. Mar shampla, sa radharc ag tús an scannáin tá an dealramh ar Manuel go dtagann a chuid gothaí agus gluaiseachtaí go héasca chuige ach ansin, fad agus a nochtar an scéal agus an scannal, feictear é ag titim arís is arís eile agus ag bualadh faoi bhacainní. Tá sé sáinnithe ag fórsaí nach bhfuil neart aige orthu, féachann sé le rudaí a dhéanamh ar a chonlár féin arís ach teipeann ar gach iarracht dá chuid, go tubaisteach den chuid is mó.





© Julio Vergne



© Julio Vergne

Leanann luas na gníomhaíochta de bheith ag dul in méid, áfach, agus an teannas ina theannta sin, go dtí go bhfuilimid cinnte go n-éireoidh le Manuel ar deireadh — ach amháin má bhíonn cor dochreidte éigin sa scéal i nóiméid dheireanacha an scannáin — an bhaint ar fad a bhí ag a pháirtí i scannail airgeadais a nochtadh ar an teilifís. Arís, áfach, éiríonn le Sorogoyen a charachtar agus an lucht féachana a bhaint dá mboinn. Ní *exposé* é an méid a chuireann an láithreoir teilifíse inár láthair sa radharc deireanach sin — is ceacht i dtaobh na moráltachta sa pholaitíocht é. Ar bhealach, chuir an scéinséir mearbhall orainn ó thús an scannáin agus, go tobann, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna doimhne atá á gcur ag an stiúrthóir. Conas a ligeadh do cailiméireacht chomh mór sin tarlú? Conas a d'fhéadfadh Manuel é féin a iompar ar bhealach a bhí chomh mímhórálta sin?

### CEAcht SA MHORÁLTACHT PHOLAITIÚIL

Mar sin, ní thugtar nochtadh mionsonraithe dúinn. Agus is ansin a fhaightear an freagra ar an gceist i dtaobh rogha Sorogoyen *The Realm* a léiriú mar shaothar ficin seachas mar scannán faisnéise — tá teachtaireacht níos uilíche ag scannán den chineál sin ná mar a bheadh ag scannán faisnéise.

Saintréith ficin is ea é, agus ceann é a chuireann ionadh ar dhaoine, ná ní móide go gcuimhneoidh formhór an lucht féachana ar ainmneacha na gcarachtar éagsúil i scéal. Sa chás seo, cuimhneofar ar Manuel dar ndóigh mar is é an príomhcharachtar é, agus is dócha go gcuimhneofar ar ainm Paco, a luaitear go minic, ach fiú agus sinn ag breathnú ar an scannán, déanaimid dearmad go tapa ar ainmneacha fhormhór na gcarachtar eile. Is é a mhalairt ar fad a tharlaíonn nuair a bhreathnaímid ar thuairiscí nuachta faoi scannail chailiméireachta mar dhéantar iad siúd a raibh páirt acu sna scannail a aithint go cruinn arís agus arís eile. Tá cur chuige indéireach lán de thagairtí ag *The Realm* i dtaobh an téama agus ní gá a bheith ar an eolas faoi gach carachtar, ná gach cor agus casadh sna margaí suaracha a leanúint. Is é an rud is tábhachtaí ná luas an scéinséara seachas mionsonraí na n-eachtraí.

Conas, mar sin, a thuigfidimid an scéal a insítear sa scannán? Braitear ar chuma fhisiceach na gcarachtar chun iad a aithint, go háirithe ar ghnéithe a n-aghaidheanna, agus éiríonn leis i bhformhór na gcásanna, fiú nuair a dhéantar an cúram sin níos deacra de dheasca carachtair áirithe gan a bheith le feiceáil ach ar feadh buille beag. Ag an am céanna, leis an méid a deir carachtair lena chéile, tig linn iad a aithint agus a ról faoi seach a thuiscint. Níl ainmneacha na gcarachtar tábhachtach dúinn: Is é an t-aon rud atá tábhachtach sa scéal ná a bhfeidhm ann. Agus dár ndóigh, bíonn tuiscint bhunúsach de dhíth orainn faoi conas mar a fheidhmiónn an tsochaí chun gur féidir linn na ról a leithligh sin a thuiscint.

Léiríonn an scannán polaiteoirí cama ach déanann sé idirdhealú, go luath sa scéal, idir dhá leibhéal cumhachta, an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta. Cé go bhfuil an dealramh air, ar dtús báire, nach bhfuil ach na polaiteoirí áitiúla rannpháirteach sa chaimiléireacht agus go bhfuil sé ar intinn ag na ceannairí náisiúnta na “drochdhaoine” a dhibirt as an bpáirtí, foghlaimimid go luath go bhfuil caimiléireacht ag tarlú go tréan ar gach leibhéal. Tá ar a laghad duine amháin bainteach leis an bpáirtí a n-éiríonn leis a cháil mar dhuine neamhcham a choinneáil, cé go n-éiríonn le Manuel cruinniú duine ar dhuine leis a eagrú. Is é sin Alvarado atá ard agus caol. Cuireann an stiúrthóir faoi scáth an amhrais é: an ngéillfidh sé don chaimiléireacht ar deireadh? Ní thairgeann an scannán aon fhreagra anseo agus fágtar fúinne é machnamh a dhéanamh faoi cé chomh fada is atá an lobhadh tar éis leathnú agus, go háirithe, cé mhéad is féidir le héilliú dul i bhfeidhm ar fhir agus ar mhná nach bhfuil ach aon chuspóir amháin acu, an chumhacht. Agus tá ceist eile ann gan freagra ann: cé mhéad a dhéanfaidh na fir agus na mná sin chun a dtreascairt féin a sheachaint?

Is é an dream eile a léirítear ná na héillitheoirí — forbróirí réadmhaoine sa cháis áirithe seo. Is mian leo tógáil ar na suíomhanna a sainíodh ar dtús i gcomhair úsáid talmhaíochta ach atá ar fheabhas chun a gcríoch féin seachas sin, agus a déantar a shainiú arís, go míchuí, mar áit chun forbartha. Cuirtear na fiontraíthe sin in iúl mar dhream níos ísle sa chéimlathas: bheadh siad níos ísle dar ndóigh, dar leat, ach léiríonn an scannán go follasach nach dtugann rachmas ann féin an chumhacht go huathoibríoch. Le fírinne, is ag na polaiteoirí atá an chumhacht.

Le hais an dá ghrúpa sin, cuirtear tríú fórsa in iúl dúinn go luath, is iad sin na nuachtáin. Ar an gcéad dul síos, níl ról an phreasa soiléir, mar tá an dealramh ar an iriseoir mná a raibh roinnt cruinnithe ag Manuel léi agus a thagann chun a bheith ina teagmhálaí acrach sna meáin chumarsáide go bhfuil dlúthbhaint aici leis na polaiteoirí cama. Nuair a thugtar an scannal chun solais den chéad uair sa nuacht, tugann iriseoir atá ar an eolas faoi mbaint atá ag Manuel leis an scannal foláireamh dó agus téann sé díreach chuig eagarthóir an nuachtáin áitiúil chun iarracht a dhéanamh cos a bhualadh ar aon nochtadh eile, nó ar a laghad, é a chur siar. Ach tá sé ródhéanach: tá a bhfuadar féin faighte ag na scéalta a nochtadh agus ní féidir iad a stadadh.

Feicimid mar sin — seachas ginearálú cabanta faoi “chumhacht a bheith ag cosaint cumhachta” — gur “ceathrú cumhacht” neamhspleách fós iad an preas agus meáin eile a bhfuil ról cothromaíochta le himirt acu. Agus déanann an córas ceartais, dar ndóigh, idirghabháil ar bhealach cinntitheach, tríd an gcóras lofa ar fad a thabhairt chun cuntais.





© Julio Vergne

Is Amaia an carachtar ag a bhfuil an focal scoir sa scéal seo — an t-iriseoir a dhiúltaíonn script Manuel a leanúint tríd an scannal a chuirfidh an páirtí ar fad faoi náire a fhoilsiú. Is sa chríoch, a chuirtear croítheagasc *The Realm* in iúl ar an dóigh is soiléire. Is cuma leis an stiúrthóir scéal sonrach faoi chaimiléireacht a insint: is éard is mian leis a dhéanamh ná go ndéanfaimid machnamh ar cheisteanna i dtaobh eitic agus caimiléireacht mar fheiniméan. Conas, mar dhuine aonair, a déirigh le Manuel a pháirt sa chóras seo a dhéanamh ar feadh beagnach 15 bliana? Cén chúis mhaith a bhí aige féin agus ag a theaghlach le sochar a bhaint as “airgead dubh”?

### FICSEAN AGUS RÉALTACHT

Mar sin, ní gá dúinn tuiscint a bheith againn ar gach gné den chomhcheilg a chuirtear in iúl in *The Realm*, ós rud é gur ficsean ar an scáileán é seo agus feidhmióinn sé ar bhealach éagsúil. Cruthaíonn sé atmaisféar níos ginearálta agus níos scaipthe comhcheilge, rúndachta, agus cleasaíochta. Is atmaisféar é a d’fhéadfadh meon atá beo le teoricí comhcheilge a chothú nó d’fhéadfadh sé diúltú na bpolaiteoirí a spreagadh go ginearálta ar an bhforas gur “drochdhuine” gach duine acu.

Ach ní hé sin teachtaireacht *The Realm*: a mhalairt ar fad. Cuirtear iallach orainn an domhan a fheiceáil trí shúile Manuel, súile polaiteora áitiúil a chaitheann a chuid ama i gcuideachta daoine eile cosúil leis féin, atá cam nó ag déanamh caimiléireachta, agus dá bharr sin, de réir a chéile, glacann sé leis mar ghnáthiompar iad na cleachtais chama atá ag tarlú go forleathan nach gá aon mhíniú a thabhairt ina dtaobh.

## ROINNT ÁBHAR MACHNAIMH

- Is údar spéise é don lucht féachana a gcuid tuairimí faoin scannán a roinnt, go háirithe maidir le gnéithe de shnáithe an scéil a d'fhéadfadh a bheith doiléir nó oscailte do léirmhínte éagsúla. Cad é an smaointeoireacht atá taobh thiar den chur chuige indíreach a glacadh in *The Realm*?
- Cé air a bhfuil an fhreagracht is mó as an gcaimiléireacht chórasach a léiríonn an scannán? An lucht gnó? Polaitoírí agus, más ea, ar an leibhéal áitiúil nó ar an leibhéal náisiúnta? Nó an bhfuil aon pháirtithe ciontacha eile ann?
- Cad go díreach atá á rá ag an iriseoir, Amaia, sa radharc deireanach? Cad é go díreach atá sé ag iarraidh ar Manuel? Agus an bhfuil amhras faoina sláine féin?







© Julio Vergne



© Julio Vergne



© Julio Vergne

**STIÚRTHÓIR:** Rodrigo Sorogoyen

**SCRIPT SCANNÁIN:** Isabel Peña, Rodrigo Sorogoyen

**FOIREANN AISTEORÍ:** Antonio De La Torre, Mónica López, José María Pou, Nacho Fresneda, Ana Wagener, Bárbara Lennie, Luis Zahera, Francisco Reyes, María De Nati, Paco Revilla, Sonia Almarcha, David Lorente, Andrés Lima, Oscar De La Fuente

**CINEAMATAGRAFAÍOCHT:** Alex de Pablo

**LÉIRITHEOIRÍ:** Gerardo Herrero (Tornasol), Mikel Lejarza (AtresmediaCine), Mercedes Gamero (AtresmediaCine)

**COMHLÉIRITHEOIRÍ:** Jean Labadie (Le Pacte), Anne-Laure Labadie (Le Pacte), Stéphane Sorlat (Mondex & Cie)

**LÉIRIÚ:** Tornasol (an Spáinn), Trianera PC AIE (an Spáinn), Atresmedia Cine (an Spáinn) I gcomhar le: Le Pacte (an Fhrainc), Mondex & Cie (an Fhrainc), Bowfinger (an Spáinn)

**AN BHLIAIN:** 2018

**FAD REATHA:** 122'

**SEÁNRA:** Ficsean, scéinséir

**TÍORTHA:** An Spáinn, an Fhrainc

**BUNLEAGAN:** Spáinnis

**DÁILEOIRÍ:** Signature Entertainment

## PAINÉAL ROGHNÚCHÁIN 2019

### Jürgen BIESINGER

Léiritheoir Duaiseanna Acadamh na Scannán Eorpach

### Peter BOGNAR

An Ungáir: Dáileoir, Pleanálaí Féilte

### Mihai Cristian CHIRILOV

An Rómáin: Léirmheastóir Scannán, Stiúrthóir Ealaíne ag Féile Scannánaíochta Idirnáisiúnta na Traslaváine

### Ditte DAGBJERG CHRISTENSEN

An Danmhairg: Øst do Paradis Cinema, Stiúrthóir bainistíochta & Ceann dáileacháin

### Jose Luis CIENFUEGOS

An Spáinn: Stiúrthóir na Féile Scannán Eorpach in Sevilla

### Juliette DURET

An Bheilg: Ceannasaí an Chineama, BOZAR

### Jakub DUSZYNSKI

An Pholainn: Dáileoir, GUTEK Film

### Benedikt ERLINGSSON

An Íoslainn: Stiúrthóir agus Léiritheoir *WOMAN AT WAR*, Buaiteoir LUX 2018

### Giorgio GOSETTI

An Iodáil: Stiúrthóir Ealaíne Giornate degli Autori

### Mathilde HENROT

An Fhrainc: Bunaitheoir Fhéile Scope

### Mathias HOLTZ

An tSualainn: Folkets Hus och Parke, Taispeántóir Cineama, Bainisteoir Clársceidealaithe

### Yorgos KRASSAKOPOULOS

An Ghréig: Clársceidealóir Fhéile Scannánaíochta Idirnáisiúnta Thessaloniki, Léirmheastóir Scannán

### Christophe LEPARC

An Fhrainc: Ard-Rúnaí Choicís na Stiúrthóirí, Féile Scannánaíochta Cannes

### Selma MEHADZIC

An Chróit: Cláráitheoir, Fleá Scannán Shágraib

### Susan NEWMAN-BAUDAIS

Eurimages

### Nikolaj NIKITIN

An Ghearmáin Fhéile Scannán Bheirlín (Lár/ Tuisceart/Oirthear na hEorpa, Lár na hÁise agus toscaire Cugais), Reachtair SOFA (School of Film Agents), Stiúrthóir Ealaíne Febiofest (an tSeicia)

### Karel OCH

An tSeicia: Léirmheastóir Scannán agus Stiúrthóir Ealaíne Féile Scannán Idirnáisiúnta Karlovy Vary

### Tina POGLAJEN

An tSlóivéin: Bord Fhéile Idirnáisiúnta Scannán Liúibleána, saorléirmheastóir scannán

### Mira STALEVA

An Bhulgáir: Leas-Stiúrthóir, Féile Scannánaíochta Idirnáisiúnta Shóifia

### Mante VALIŪNAITĖ

An Liotuáin: Clársceidealóir Sinsearach Fhéile Scannán Vilnias

### BREATHNÓIR

#### Lauriane BERTRAND

An Coimisiún Eorpach, Eoraip na Cruthaitheachta agus Oifig Phríobháideach an Choimisinéara

# RÉIM BHUAITEOIRÍ DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX 2018-2007

**2018**

## **KONA FER Í STRÍÐ**

DRUGA STRANA SVEGA  
STYX  
DONBASS  
EL SILENCIO DE LOS OTROS  
GIRL  
GRÄNS  
LAZZARO FELICE  
TWARZ  
UTØYA 22. JULI

**2017**

## **SAMEBLÖD**

120 BATTEMENTS PAR MINUTE  
WESTERN  
A CIAMBRA  
ESTIU 1993  
HJARTASTEINN  
KING OF THE BELGIANS  
OSTATNIA RODZINA  
SLAVA  
TOIVON TUOLLA PUOLEN

**2016**

## **TONI ERDMANN**

À PEINE J'OUVRE LES YEUX  
MA VIE DE COURGETTE  
A SYRIAN LOVE STORY  
CARTAS DA GUERRA  
KRIGEN  
L'AVENIR  
LA PAZZA GIOIA  
SIERANEVADA  
SUNTAN

**2015**

## **MUSTANG**

MEDITERRANEA  
UROK  
45 YEARS  
A PERFECT DAY  
HRÚTAR  
LA LOI DU MARCHÉ  
SAUL FIA  
TOTO SI SURORILE LUI  
ZVIZDAN

**2014**

## **IDA**

BANDE DE FILLES  
RAZREDNI SOVRAŽNIK  
FEHÉR ISTEN  
HERMOSA JUVENTUD  
KREUZWEG  
LE MERAVIGLIE  
MACONDO  
TURIST  
XENIA

**2013**

## **THE BROKEN CIRCLE BREAKDOWN**

MIELE  
THE SELFISH GIANT  
ÄTA SOVA DÖ  
GRZELI NATELI DGEEBI  
KRUGOVI  
OH BOY!  
LA GRANDE BELLEZZA  
LA PLAGA  
PEVNOST

**2012**

## **IO SONO LI**

CSAK A SZÉL  
TABU  
À PERDRE LA RAISON  
BARBARA  
CESARE DEVE MORIRE  
CRULIC – DRUMUL SPRE DINCOLO  
DJECA  
L'ENFANT D'EN HAUT  
LOUISE WIMMER

**2011**

## **LES NEIGES DU KILIMANDJARO**

ATTENBERG  
PLAY  
A TORINÓI LÓ  
ESSENTIAL KILLING  
HABEMUS PAPAM  
LE HAVRE  
MISTÉRIOS DE LISBOA  
MORGEN  
PINA

**2010**

## **DIE FREMDE**

AKADIMIA PLATONOS  
ILLÉGAL  
BIBLIOTHÈQUE PASCAL  
INDIGÈNE D'EURASIE  
IO SONO L'AMORE  
LA BOCCA DEL LUPO  
LOURDES  
MEDALIA DE ONOARE  
R

**2009**

## **WELCOME**

EASTERN PLAYS  
STURM  
35 RHUMS  
ANDER  
EIN AUGENBLICK FREIHEIT  
KATALIN VARGA  
LOST PERSONS AREA  
NORD  
PANDORA'NIN KUTUSU

**2008**

## **LE SILENCE DE LORNA**

DELTA  
OBČAN HAVEL  
IL RESTO DELLA NOTTE  
REVANCHE  
SÜGISBALL  
SVETAT E GOLYAM I SPASENIE DEBNE OTVSYAKADE  
SZTUCZKI  
TO VERDENER  
WOLKE 9

**2007**

## **AUF DER ANDEREN SEITE**

4 LUNI, 3 SAPTAMINI SI 2 ZILE  
BELLE TOUJOURS  
CALIFORNIA DREAMIN' (INESFARSIT)  
DAS FRÄULEIN  
EXILE FAMILY MOVIE  
IMPORT/EXPORT  
ISZKA UTAZÁSA  
PLOSHCHA  
KURZ DAVOR IST ES PASSIERT

# LUX FILM DAYS



SCANNÁIN A FHOTHEIDEALÚ  
I 24 THEANGA AE